

Nótaí Treorach

AR

RGFS

AN RIAIL GHINEARÁLTA UM FHRITH-SHEACHAINT

&

FÓGRAÍ COSANTA

Na Coimisinéirí Ioncaim
Foilsiú i mí Eanáir 2024

Clár na nÁbhar

Cuid 1 Réamhrá.....	1
1.1. Céard atá i gceist leis na Nótaí Treorach seo.....	1
1.2. Cén dlí a chlúdaíonn na Nótaí Treorach seo.....	1
1.3. Raon feidhme an RGFS.....	1
1.4. Téarmaíocht.....	1
1.5. Éifeacht an RGFS (Alt 811C & 811D)	1
Cuid 2 An RGFS.....	3
2.1. Féinmheasúnú.....	3
2.2. “Réasúnta a mheas” (alt 811C(2)(a)).....	3
2.3. Níl aon teorainn ama.....	3
2.4. Iarmhairtí chur i bhfeidhm RGFS ag na Coimisinéirí Ioncaim.....	3
2.4.1 An fhorghuirir seachanta cánach.....	3
2.5. Measúnuithe <i>Malartacha</i> (alt 811C(5)).....	4
Cuid 3 Cé ba chóir Fógra Cosanta a dhéanamh?.....	5
3.1. <i>Fógraí Cosanta</i> (alt 811D(1)).....	5
3.2. Idirbhearta ar féidir Fógra Cosanta a dhéanamh ina leith.....	5
3.3. Tionchar fógra cosanta bailí.....	5
3.4. Fógraí Cosanta agus Measúnuithe Eile.....	5
3.5. Céard iad na hiarmhairtí a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a bheith den tuairim nach ndearnadh fógra cosanta bailí?.....	6
3.5.1 Céard iad na cosaintí atá ann do cháiníocóir?.....	6
3.6. Ní fhéadtar aon rud a bhaint as Fógra Cosanta.....	6
3.7. Cé atá in ann Fógra Cosanta a dhéanamh?.....	6
3.8. Teorainneacha ama ina gcaithfear Fógra Cosanta a dhéanamh.....	6
3.9. Fógraí cosanta agus an Córas Nochtadh Éigeantach.....	6
3.10. Iarmhairtí a bhaineann le hUimhir Idirbhirt a fháil tar éis Fógra Cosanta a dhéanamh.....	7

Clár na nÁbhar

Cuid 4. Cén chaoi le Fógra Cosanta a dhéanamh.....	8
4.1. Foirmeacha le comhlánú.....	8
4.2. Cén chaoi le foirmeacha a fháil.....	8
4.3. Cén áit le foirmeacha a thíolacadh.....	8
4.4. An dtabharfar admháil go bhfuarthas na foirmeacha?.....	8
4.5. Cén t-eolas nach mór a chur in iúl.....	8
4.6. Léirithe Amhrais (alt 811D(2)(a)).....	9
4.7. Nochtadh Éigeantach (alt 817N(3)).....	9
Cuid 5 Nochtadh Seachanta Cáilitheach	10

Cuid 1. Réamhrá

1.1. Céard atá i gceist leis na nótaí treorach seo

Leagtar amach sna Nótaí Treorach seo a leanas na himpleachtaí a bhaineann le 'hidirbhearta seachanta cánach' a dhéanamh, de réir bhrí **alt 811C**, agus cad is féidir leat a dhéanamh má dhéanann tú, nó má rinne tú idirbheart a bhfuil imní ort gur 'idirbhearta seachanta cánach' atá ann. Tugtar achoimre sna nótaí treorach seo ar an gcaoi ar féidir le hús agus an formhuirear seachanta cánach teacht chun cinn mar aon le sonraí faoin gcaoi ar féidir le cáiníocóir fógra cosanta a dhéanamh agus na sochair a fhéadtar a sholáthar leis.

Baineann na nótaí treorach seo le hidirbhearta a thosaigh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Má tá idirbheart á chur i bhfeidhm ag cáiníocóir atá ag brath ar ghnáthphleanáil cánach ag baint úsáide as díolúintí agus faoisimh reachtúla caighdeánacha ar bhealach rialta chun críocha bona fide tráchtála, mar atá beartaithe ag an reachtas, ní dócha gur 'idirbhearta seachanta cánach' a bheidh san idirbheart.

1.2. Cén dlí a chlúdaíonn na nótaí treorach seo

Is í an reachtaíocht a chumhdaítear leis na Nótaí Treorach seo ná:

- **Alt 811C den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 1997** agus
- **Alt 811D den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 1997**

1.3. Raon feidhme an Riall Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint (RGFS)

Baineann an RGFS le 'idirbhearta seachanta cánach' a bhaineann le haon cheann de na cánacha a chumhdaítear le **halt 811C**. Is iad seo a leanas na cánacha sin: Cáin Ioncaim, Cáin Chorpáraide, Cáin Ghnóchan Caipitiúil, an Muirear Sóisialach Uilíoch, Cáin Bhreisluacha, Cáin Fáltas Caipitiúil agus Dleachtanna Stampa. Ní chuimsíonn sé, mar shampla, ÁSPC, Dleachtanna Máil nó Custam.

Níl feidhm ag **ailt 811C** agus **811D** ach amháin maidir le hidirbheart a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014. Má tosaíodh an t-idirbheart ar an dáta sin nó roimhe, tá feidhm ag **ailt 811** agus **811A**.

1.4. Téarmaíocht

Sa chás go dtagraítear sna Nótaí Treorach seo do chuid den reachtaíocht, is tagairt d'alt den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, atá ann, mura luaitear a mhalairt.

Sa chás go dtagraítear sna Nótaí Treorach seo d'fhormhuirear seachanta cánach is tagairt d'fhormhuirear atá ann a fhorchuirtear in **Alt 811D(3)** den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, mura luaitear a mhalairt.

Sa chás go dtagraítear sna Nótaí Treorach seo d'fhógra cosanta, is tagairt d'fhógra cosanta ginearálta frithsheachanta dá bhforáiltear in **Alt 811D**, mura sonraítear a mhalairt.

1.5. Éifeacht an RGFS (Alt 811C & 811D)

Faoin RGFS, níl duine i dteideal aon bhuntáiste cánach a eascraíonn as idirbheart seachanta cánach.

Má éilíonn cáiníocóir sochar den sórt sin, contrártha **d'alt 811C(3)**, beidh an cáiníocóir faoi dhliteanas an méid seo a leanas a íoc:

- an cháin bhreise a eascraíonn de bhua an buntáiste cánach a tharraingt siar;
- ús ón dáta a bheadh an cháin bhreise dlite mura ndéanfaí an t-idirbheart seachanta cánach; agus
- formhuirear seachanta cánach de 30% den bhuntáiste cánach.

Braithfidh méid an úis agus an fformhuirir atá dlite ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh fógra cosanta (mar atá leagtha amach i **gCuid 4**).

Cuid 2. An RGFS

2.1. Féinmheasúnú

Is cuid d'oibleagaidí féinmheasúnaithe an cháiníocóra é cloí leis an RGFS.

Faoi **alt 811C(3)**, níl duine i dteideal aon bhuntáiste cánach a eascraíonn as idirbheart seachanta cánach. Agus tuairisceán cánach, nó foirm éilimh á chomhlánú aige, ba cheart do cháiníocóir, dá bhrí sin, aon idirbhearta seachanta cánach a rinneadh a shainithint agus a chinntiú nach n-éilítear sochar aon bhuntáiste cánach a tháinig chun cinn mar thoradh ar aon idirbheart seachanta cánach.

Sa chás gur mian le cáiníocóirí iarmhairtí na gCoimisinéirí Ioncaim a mheas gur idirbheart seachanta cánach é a mhaolú, féadfaidh siad fógra cosanta a thíolacadh, a mhodhnaíonn cuid d'éifeachtaí an RGFS mar atá leagtha amach thíos. Féach **Cuid 4** chun sonraí a fháil faoi na cosaintí a thugann fógra cosanta do cháiníocóir.

2.2. "Réasúnta a mheas" (alt 811C(2)(a))

Cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé réasúnach a mheas go n-eascraíonn an t-idirbheart, nó murach Alt 811C, an mbeadh buntáiste cánach ann agus cibé a bhfuil nó nach bhfuil sé réasúnach a mheas nach ndearnadh nó nár socraíodh an t-idirbheart go príomha chun críocha seachas buntáiste cánach a bheith mar thoradh air, gur tástálacha oibiachtúla iad agus nach tástálacha suibiachtúla iad.

Dá bhrí sin, ní leor do cháiníocóir a rá "Measaim go réasúnta nár thug mé faoin idirbheart seo go príomha chun cáin a sheachaint". Bheadh sé sin ag cur na tástála i bhfeidhm ar bhealach suibiachtúil. Is éard atá i gceist le tástáil oibiachtúil ná ceist hipitéiseach a chur ort féin ar cad a dhéanadh duine réasúnta a mheas le réasún, i bhfianaise fíricí an cháis.

2.3. Gan Teorainn Ama

Má tá idirbhearta seachanta cánach déanta ag cáiníocóir agus má tá iarracht déanta aige/aici sochar an bhuntáiste cánach a fháil contrártha don RGFS, níl aon teorainn ama ann maidir le cén uair a fhéadann na Coimisinéirí Ioncaim:

- fiosrúcháin a dhéanamh maidir le cibé an idirbheart seachanta cánach é idirbheart nó nach ea;
- buntáiste cánach a tharraingt siar trí, mar shampla, measúnú a leasú; nó
- aon mhéid cánach a bhailiú nó aisghabháil.

2.4. Iarmhairtí chur i bhfeidhm an RGFS ag na Coimisinéirí Ioncaim

Mura gcomhlíonann cáinócoir **alt 811C**, beidh an cáinócoir faoi dhliteanas an méid seo a leanas a íoc:

- an cháin bhreise a eascraíonn de bhua an buntáiste cánach a tharraingt siar;
- ús ón dáta a bheadh an cháin bhreise dlite mura ndéanfaí an t-idirbheart seachanta cánach; agus
- formhuirear seachanta cánach.

Braithfidh méid an úis agus an fhormhuirir atá dlite ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh fógra cosanta (mar atá leagtha amach i **gCuid 4**).

2.4.1 An fhormhuirir seachanta cánach

Má fhaightear amach nár chomhlíon cáinócoir forálacha **alt 811C**, agus gur éiligh sé buntáiste cánach contrártha don alt sin, beidh feidhm ag formhuirear seachanta cánach.

Is é an formhuirear seachanta cánach ná 30% den bhuntáiste cánach. Is é seo 30% den mhéid breise cánach atá dlite nó iníoctha ag an duine tar éis **alt 811C** a chur i bhfeidhm.

Mar shampla, má rinne duine idirbheart seachanta cánach d'fhonn cailiteanas a chruthú, ríomhtar an formhuirear seachanta cánach ag tagairt don cháin "sábháilte" tríd an gcaillteanas sin a úsáid. Is é sin le rá, ní éiríonn aon fhormhuirear seachanta cánach go dtí go n-éilíonn an duine faoiseamh i leith an chaillteanais, agus go ndéanann sé gearríochocht cánach, nó go n-éilíonn sé ró-aisíocaíocht.

Más rud é, ag pointe ar bith sula n-éistear le hachomharc i gcoinne buntáiste cánach a tharraingt siar de bhun **alt 811C**, go ndéanann an cáinócoir "nochtadh seachanta cáilitheach", is féidir méid an fhormhuirir seachanta cánach a laghdú (féach **Cuid 5** le haghaidh tuilleadh sonraí).

Déantar an formhuirear seachanta cánach a chinneadh agus a aisghabháil ar bhealach cosúil le pionós cánach, sa mhéid is nach féidir leis an gcáinócoir agus leis an oifigeach Ioncaim aontú go bhfuil an formhuirear seachanta cánach dlite faoi na hAchtanna, is iad na Cúirteanna a chinneann an formhuirear seachanta cánach. Cinntíonn sé seo go bhfuil sé de cheart ag cáinócoir agóid a dhéanamh i gcoinne fhorchur an fhormhuirir seachanta cánach i gCúirt ábhartha.

Cé go ndéantar an formhuirear seachanta cánach a chinneadh agus a aisghabháil trí úsáid a bhaint as na meicníochtaí céanna le pionós, ní fhoilseofar cáinócoir, ar a ngearrtar formhuirear seachanta cánach, ar liosta ráithiúil na mainnitheoirí cánach. Ní fhéadann formhuirear seachanta cánach a bheith i bhfeidhm ach amháin sa chás nach bhfuil feidhm ag pionós cáinghiaráilte, faoi Alt 1077E, mar shampla, chun tuairisceán cánach mícheart a thíolacadh.

2.5. Measúnuithe Malartacha (alt 811C(5))

Ceadaítear d'oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú faoi **Alt 811C** sa chás gur tharla idirbheart seachanta cánach chun aon bhuntáiste cánach a tharraingt siar nó a dhiúltú, go hiomlán nó go páirteach. Féadfaidh an t-oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim freisin, de réir **alt 811C(5)**, measúnú malartach a dhéanamh bunaithe ar fhoráil eile den reachtaíocht.

Cuid 3. Cé ba chóir Fógra Cosanta a dhéanamh?

3.1. Fógraí Cosanta (*alt 811D(1)*)

Is éard is fógraí cosanta ann ná fógraí a dhéantar leis na Coimisinéirí Ioncaim i bhfoirm fhorordaithe – **Foirm PN1** – maidir le hidirbheart a dhéanann an cáinócóir. Ní mór an Fhoirm PN1 a fháil laistigh de 90 lá ón dáta a thosaíonn an t-idirbheart. Ní mór an Fhoirm PN1 a chomhlánú go hiomlán agus ní mór na nithe seo a leanas a bheith inti:

- Sonraí iomlána an idirbhirt;
- Tagairt iomlán d'fhorálacha na nAchtanna a mheasann an duine a bheith ábhartha maidir le cóireáil chánach an idirbhirt;
- Sonraí iomlána faoin bhfáth a bhfuil feidhm ag na forálacha sin nó nach bhfuil feidhm acu, de réir mar a bheidh; agus
- Sonraí iomlána faoin bhfáth, i dtuairim an cháinócóra, nach bhfuil feidhm ag **alt 811C**.

Ina theannta sin, ní mór cóipeanna de na doiciméid go léir a bhaineann leis an idirbheart a bheith san fhógra cosanta (m.sh. conarthaí, pleananna cur chun feidhme, cumhacht aturnae srl.). Mura bhforghníomhaítear conradh ag an am a dhéantar an Fhoirm PN1 a thíolacadh, ar choinníoll go dtíolactar na doiciméid laistigh de 30 lá tar éis a fhorghníomhaithe, déileálfar leis an bhfógra cosanta mar fhógra comhlánaithe in am.

3.2. Idirbhearta ar féidir Fógra Cosanta a dhéanamh ina leith

Má tá idirbheart déanta ag cáinócóir a thosaigh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014 agus go mbeadh sé réasúnta a mheas, bunaithe ar shubstaint agus ar fhoirm an idirbhirt, agus ar thorthaí an idirbhirt sin, gur idirbheart seachanta cánach é, ba chóir don cháinócóir, de réir **alt 811C**, gan an buntáiste cánach a éileamh ón idirbheart seachanta cánach agus tuairisceán cánach á thíolacadh.

Mar sin féin, má tá an cáinócóir den tuairim nach ndearna siad idirbheart seachanta cánach ach gur mian leis an gcáinócóir iarmhairtí na gCoimisinéirí Ioncaim a mhaolú agus measúnú déanta acu go bhfuil idirbheart seachanta cánach déanta ag an gcáinócóir, féadfaidh an cáinócóir fógra cosanta a thíolacadh.

3.3. Tionchar fógra cosanta bailí

Má dhéanann cáinócóir fógra cosanta bailí, a thugann faoi idirbheart a chinntear gur idirbheart seachanta cánach é, cuirfear sochair áirithe ar fáil don cháinócóir sin. Ba chóir fógra cosanta a thabhairt i ndáil le hidirbheart den chineál sin -

- cosnaíonn sé an cáinócóir ó fhorhnuirear seachanta cánach a íoc sa chás go bhfaightear amach gur idirbheart seachanta cánach faoin RGFS an t-idirbheart,
- tréimhse míosa a cheadú do cháinócóir ó dháta measúnú nó measúnú leasaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a chuireann an RGFS i bhfeidhm chun aon cháin dhlite a íoc sula dtosaíonn ús ag fabhrú, agus
- cuireann sé teorainn leis an am inar féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim idirbheart a imscrúdú agus agóid a dhéanamh ar an bhforas gur idirbheart seachanta cánach é go dtí an tréimhse chaighdeánach don cháin atá i gceist, (m.sh. i gcás cánach ioncaim, ceithre bliana ó dheireadh na tréimhse inmhuirir tréimhse ina gcomhdaítear tuairisceán cánach).

3.4. Fógraí Cosanta agus Measúnuithe Malartacha

Sa chás go ndéantar measúnuithe malartacha (ceann a léiríonn measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas an cháinócóra a chuireann an RGFS i bhfeidhm agus ceann a léiríonn measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas an cháinócóra a chuireann foráil eile de na hAchtanna i bhfeidhm), braithfidh tionchar fógra cosanta bailí ar a bhfaightear amach go bhfuil an measúnú críochnaitheach agus dochloíte:

- Má chinntear ar deireadh go seastar le measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim faoin RGFS, beidh an cáinócóir i dteideal sochair an fhógra chosantach a leagtar amach thuas.
- Má chinntear ar deireadh go seastar le measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe ar fhoráil seachas an RGFS, ní bheidh aon tionchar ag an bhfógra cosanta ar mhéid an úis, an phionóis nó an fhorhmuirir seachanta cánach a d'fhéadfaidh a bheith i bhfeidhm.

3.5. Céard iad na hiarmhairtí a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a bheith den tuairim nach ndearnadh fógra cosanta bailí?

Má tá na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim nach fógra cosanta bailí a bhí i bhfógra a fuarthas, ansin tá ceithre phríomhiarmhairt ann do cháiníocóir:

- (i) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fiosrúcháin a dhéanamh lasmuigh den chreat ama caighdeánach do cháin ar leith,
- (ii) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim measúnuithe a dhéanamh nó a leasú lasmuigh den chreat ama caighdeánach do cháin ar leith,
- (iii) Is é an dáta dlite le haghaidh cánach freisin an dáta a mbeadh an cháin dlite mura ndéanfaí an t-idirbheart seachanta cánach, seachas dáta atá mí amháin tar éis dháta an mheasúnaithe nó an mheasúnaithe leasaithe, agus
- (iv) Beidh an cáiníocóir faoi réir formhuirear seachanta cánach má theip orthu ina n-oibleagáid féinmheasúnaithe an RGFS a chur i bhfeidhm.

3.5.1 Cad iad na cosaintí atá ann do cháiníocóir?

Má dhéanann oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim fiosrúchán, nó má dhéanann nó má leasaíonn sé measúnú, tráth a gcreideann cáiníocóir go bhfuil cosc ar an oifigeach é sin a dhéanamh toisc go ndearnadh fógra cosanta bailí, ansin féadfaidh an cáiníocóir achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc laistigh de 30 lá ón oifigeach Ioncaim a dhéanann an fiosrúchán nó laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra um measúnú nó an mheasúnaithe leasaithe de réir mar is infheidhme.

3.6. Ní fhéadtar aon rud a bhaint as Fógra Cosanta

Agus Fógra Cosanta á dhéanamh, déanann cáiníocóir Foirm PN1 a thíolacadh *go hiomlán gan dochar* maidir le cibé an idirbheart seachanta cánach a bhí san idirbheart lena mbaineann.

3.7. Cé atá in ann Fógra cosanta a dhéanamh?

Féadann cáiníocóir fógra cosanta a dhéanamh nó féadann gníomhaire fógra cosanta a dhéanamh thar ceann cáiníocóra.

3.8. Teorainneacha ama ina gcaithfear Fógra Cosanta a dhéanamh

Ní mór an fógra cosanta seo a bheith faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de 90 lá tar éis don idirbheart a bheith tosaithe.

3.9. Fógraí cosanta agus an Córas Nochta Éigeantaigh

Más idirbheart é atá le nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim faoin gCóras Nochta Éigeantaigh (faoi **Caibidil 3 de Chuid 33 den ACC 1997**) ansin i bhformhór na gcásanna ní bheidh cáinócóir i dteideal leas a bhaint as na cosaintí a bhaineann le fógra cosanta a dhéanamh.

I bhformhór na gcásanna, beidh a fhios ag cáinócóirí gur idirbheart in-nochta é an t-idirbheart atá á dhéanamh acu mar go soláthróidh Tionscnóir na scéime (go hiondúil an chomhairleoir a sholáthraíonn an chomhairle don cháinócóir) Uimhir Idirbhirt dóibh, nach mór do na cáinócóirí. a chur ar a dtuaisceáin chánach ansin.

Mar sin féin, mura dtugtar Uimhir Idirbhirt do cháinócóir ach go gcreideann sé gur idirbheart in-nochta a bhí san idirbheart (b'fhéidir tar éis comhairle a fháil ó chomhairleoir cánach neamhspleách) ansin d'fhéadfadh an cáinócóir a bheith fós i dteideal na gcosaintí a thugtar le fógra cosanta i gcás ina bhfuil feidhm ag na cúinsí seo a leanas go léir:

- (i) Bhí an t-idirbheart in-nochta ag tionscnóir seachas ag duine a rinne an t-idirbheart. I bhformhór na gcásanna beidh sé d'oibleagáid ar an tionscnóir an nochtadh éigeantach a dhéanamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh freagracht ar cháinócóir an nochtadh éigeantach a dhéanamh ar an gcéad ásc ina bhfuil an tionscnóir lonnaithe lasmuigh den tír, i gcás nach raibh tionscnóir ann nó i gcás inar éiligh an tionscnóir pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.
- (ii) Níl uimhir idirbhirt ag an gcáinócóir toisc go
 - a. nár chomhlíon an tionscnóir nó an margóir a n-oibleagáidí maidir le nochtadh éigeantach nó
 - b. i gcás idirbheart a nochtadh roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014, níor sannadh aon uimhir idirbhirt.
- (iii) Cuireann an cáinócóir sonraí uile an idirbhirt ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear sonraí an duine a dhíol an t-idirbheart leo, trí fhoirm nochta éigeantaigh chomhlánaithe (Foirm MD7) a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim.
- (iv) Má chuireann an cáinócóir an fhaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil go réasúnach ó na Coimisinéirí Ioncaim le deimhniú dá bhféadfaí pionós a ghearradh ar an tionscnóir nó ar an margóir as ucht loiceadh a bheith comhlíontach lena d(h)ualgais faoin gcóras nochta éigeantaigh.

Tagraítear dó seo mar Nochtadh arna Thionscnamh ag Cáinócóir. Féach Caibidil 7 den **Chód Cleachtas d'Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim** le haghaidh tuilleadh sonraí.

3.10. Iarmhairtí a bhaineann le hUimhir Idirbhirt a fháil tar éis Fógra Cosanta a dhéanamh

Féadfaidh cáinócóir fógra cosanta a dhéanamh agus Uimhir Idirbhirt a fháil ina dhiaidh sin óna gcomhairleoir i ndáil leis an idirbheart sin. D'fhéadfadh sé seo teacht chun cinn mar gheall ar dhifríochtaí in uainiú na spriocdhátaí faoi na forálacha ábhartha. Má fhaightear an uimhir sin roimh an dáta tíolactha tuairisceáin ábhartha (don Fhoirm 11 nó don Fhoirm CT1 de réir mar is cuí), beidh an fógra cosanta neamhbhailí.

D'fhéadfadh sé gurb é fáil na hUimhreacha Idirbhirt an chéad uair a fhaigheann cáinócóir amach nach bhfuil na cosaintí maidir le fógra cosanta a thíolacadh ar fáil. Má eascraíonn buntáiste cánach as an idirbheart nár éilíodh fós i dtuaisceán cánach, mar shampla i bhFoirm 11, ansin féadfaidh an cáinócóir rogha a dhéanamh féinmheasúnú a dhéanamh de réir **alt 811C agus** gan an buntáiste cánach a éileamh.

Má bhaineann an buntáiste cánach le cáin sa chás gur tíolacadh an tuairisceán a éilíonn an buntáiste cheana féin, féadfaidh an cáinócóir breithniú a dhéanamh ar nochtadh seachanta cáilitheach a dhéanamh (**féach Cuid 5**), rud a laghdaíonn an formhuirear seachanta cánach agus an t-ús a thagann chun cinn.

Cuid 4. Cén chaoi le Fógra Cosanta a dhéanamh

4.1. Foirmeacha le comhlánú

Chun gur fógra cosanta comhlánaithe é fógra, ní mór é a dhéanamh ar an bhfoirm fhorordaithe – an Fhoirm PN1.

4.2. Cén chaoi le foirmeacha a fháil

Féadtar cóipeanna de na Foirmeacha cuí a fháil ón Aonad um Fógraí cosanta:

- Fón: 085 879 0929 nó taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann + 353 85 879 0929
- Ar líne trí M'Fhiosruithe ar moChúrsaí nó ROS, marcáilte le haghaidh aird protectivenotifications@revenue.ie; nó
- Ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie nasc díreach: **Foirmeacha Fógraí Cosanta**

4.3. Cén áit le foirmeacha a thíolacadh

Ba chóir gach foirm a sheoladh chuig
 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
 An tAonad um Fógraí Cosanta
 Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais
 Radharc an Chaisleáin
 52-57 Sráid Sheoirse Mhór Theas
 Baile Átha Cliath 2
 D02 HF50

4.4. An dtabharfar admháil go bhfuarthas na foirmeacha?

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarracht a admháil go bhfuarthas Foirmeacha PN1 go pras.

Sa deimhniú sin, áfach, ní chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim aon tuairim in iúl maidir le cibé an fógra cosanta bailí a bhí san fhógra nó nach ea nó an idirbheart seachanta cánach é nó nach ea. Ní cuireadh ná iarratas chuig na Coimisinéirí Ioncaim é an fógra cosanta chun tuairim a nochtadh i dtaobh an idirbheart seachanta cánach é idirbheart.

4.5. Cén fhaisnéis nach mór a chur in iúl

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith san áireamh i bhfógra cosanta bailí:

- Ainm, Seoladh / Seoladh Gnó agus Uimhir Thagartha Cánach an duine a rinne, nó a bhfuil an fógra cosanta á dhéanamh thar a cheann.
- Ainm, Seoladh, Uimhir Theileafóin agus, más infheidhme, Uimhir Aitheantais an Ghníomhaire Cánach (TAIN) an duine ar féidir fiosruithe a sheoladh chuige nó chuici (murab ionann é agus an duine atá ag tabhairt an fhógra).
- Sonraí an Idirbhirt – sonraí iomlána an idirbhirt is ábhar don fhógra cosanta (lena n-áirítear aon chuid den idirbheart nach ndearnadh sula seachadtar an fógra cosanta).
- Forálacha ábhartha na nAchtanna - tagairt iomlán d'fhorálacha na nAchtanna a mheasann an duine, a dhéanann, nó a ndéantar an fógra cosanta seo ar a son, a bheith bainteach maidir le déileáil leis an idirbheart chun críocha cánach.
- An chaoi a mbaineann forálacha ábhartha na nAchtanna leis an idirbheart – sonraí iomlána maidir le cén chaoi, i dtuairim an duine a dhéanann an fógra cosanta, nó a dhéantar an fógra cosanta ar a son, maidir leis an idirbheart, nó nach bhfuil feidhm acu maidir leis an idirbheart.
- An chaoi a bhfuil feidhm ag **alt 811C** maidir leis an idirbheart – sonraí iomlána maidir le cén fáth, i dtuairim an duine a dhéanann an fógra cosanta, nó a dhéantar an fógra cosanta ar a son, nach bhfuil **alt 811C** i bhfeidhm ar an idirbheart. Is míniú é seo ar na cúiseanna a gcreideann cáiníocóir nach bhfuil feidhm ag **alt 811C**, ar choinníoll go bhfuil dóthain faisnéise ann do na Coimisinéirí loncaim chun na cúiseanna sin a thuiscint. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn an fhíríc go dtugann cáiníocóir sonraí nua isteach le linn achomhairc nár comhlíonadh an ceanglas sin.

Ina theannta sin, ní mór cóipeanna de na doiciméid go léir a bhaineann leis an idirbheart a bheith san fhógra cosanta (m.sh. conarthaí, pleananna cur chun feidhme, cumhacht aturnae srl.). Mura bhforghníomhaítear conradh ag an am a chuirtear an Fhoirm PN1 isteach, a luaithe a thíolactar í laistigh de 30 lá ón bhforghníomhú, déileálfar leis an bhfógra cosanta mar fhógra iomlán agus in am.

Chun go mbeidh fógra cosanta comhlánaithe, ní mór aon fhaisnéis a iarrann an Fhoirm PN1 a chur san áireamh ann.

4.6. Léirithe Amhrais (**alt 811D(2)(a)**)

Sa chás go bhfuil sonraí iomlána an idirbhirt curtha ar fáil ag cáiníocóir i 'léiriú amhrais' foráiltear go sonrath sa reachtaíocht nach fógra cosanta bailí a bheidh i léiriú amhrais agus mar sin ní thabharfaidh sé aon cheann de chosaintí an tsásra um fhógra cosanta do cháiníocóirí.

Ina theannta sin, ní thugann léiriú amhrais do cháiníocóirí aon cheann de na cosaintí a bhaineann ar shlí eile le léirithe amhrais má dhéantar é i ndáil le hidirbheart ina raibh an cáiníocóir ag gníomhú d'fhonn cáin a imghabháil nó a sheachaint (féach, mar shampla, **alt 959P(6)(c)**).

4.7. Nochtadh Éigeantach (**alt 817N(3)**)

Sa chás go gcuireann duine an 'fhaisnéis shonraithe' ar fáil do na Coimisinéirí loncaim mar a cheanglaítear leis an gCóras Nochtaithe Éigeantaigh, leagtar amach go sonrath sa reachtaíocht nach measfar soláthar na faisnéise sin a bheith coibhéiseach le fógra cosanta a dhéanamh chun críocha **alt 811D**.

Cuid 5. Nochtadh Seachanta Cáilitheach

Má tá idirbheart seachanta cánach déanta ag cáiníocóir a thosaigh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014, agus más mian leis anois nochtadh seachanta cáilitheach a dhéanamh, treoraítear cáiníocóirí chuig Alt 811D agus Caibidil 7 den Chód Cleachtais d'Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim a dhéileálann leis na nochtuithe seo.